**CINNEADH (CBES) 2023/387 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 20 Feabhra 2023**

**mar thaca le sásra tuairiscithe domhanda ar ghnáth-airm aindleathacha agus a n-armlón chun an baol a bhaineann lena n-atreorú agus lena n-aistriú aindleathach a laghdú ("iTrace V")**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh 2016 maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh ("Straitéis Dhomhanda an Aontais"), cuirtear i dtábhacht go gcuirfidh an tAontas an tsíocháin chun cinn agus go ráthóidh sé slándáil a shaoránach agus a chríche agus go gcuirfidh sé dlús lena rannchuidiú leis an tslándáil chomhchoiteann. Tacaíonn sí go láidir freisin le conarthaí agus córais iltaobhacha maidir le dí-armáil, neamhleathadh agus rialú arm a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ina n-iomláine agus iarrann sí go ndéanfaí "rianú trasteorann arm" ag aithint di go bhfuil slándáil na hEorpa ag brath ar mheasúnuithe feabhsaithe comhroinnte ar bhagairtí agus dúshláin inmheánacha agus sheachtracha.

(2) I Straitéis an Aontais an 19 Samhain 2018 dar teideal "Airm a dhaingniú, saoránaigh a chosaint — Straitéis an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlón"("Straitéis SALW AE") cuirtear i bhfios go láidir go leanann airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha ("SALW") de bheith ag rannchuidiú le héagobhsaíocht agus foréigean san Aontas, ina gharchomharsanacht, agus sa chuid eile den domhan. Leagtar amach i Straitéis SALW AE an creat gníomhaíochta don Aontas chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus tugtar gealltanas inti tacú le hiarrachtaí taighde lena ndírítear ar bhunús SALW aindleathach i limistéir choinbhleachta, amhail tionscadal iTrace de chuid CAR (*Conflict Armament Research).*

(3) Le monarú, aistriú agus cur i gcúrsaíocht aindleathach gnátharm agus gnáth-armlón, agus a gcarnadh iomarcach agus leathadh neamhrialaithe, cuirtear leis an éagobhsaíocht san Eoraip agus ina comharsanacht agus in go leor réigiún eile ar domhan, rud a chuireann leis an gcoinbhleacht agus a bhaineann an bonn de chothú síochána iarchoinbhleachta, rud a bhagraíonn go tromchúiseach ar shíocháin agus slándáil na hEorpa.

(4) Dearbhaítear i Straitéis SALW AE go dtacóidh an tAontas le hobair phainéil na Náisiún Aontaithe a dhéanann faireachán ar thrádbhaic arm, agus go mbreithneoidh sé bealaí chun feabhas a chur ar an rochtain ar a gcuid torthaí maidir le hatreorú agus maidir le hairm thine aindleathacha agus SALW chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú arm.

(5) Le Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun Gach Gné den Trádáil Aindleathach i Mionairm agus in Armáin Éadroma a Chosc, a Chomhrac agus a Dhíothú ("Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe"), a glacadh an 20 Iúil 2001, tá gealltanas tugtha ag Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe gáinneáil aindleathach ar SALW, nó a n-atreorú chuig faighteoirí neamhúdaraithe, a chosc agus, go háirithe, an baol a bhaineann le hatreorú SALW isteach sa trádáil neamhdhleathach a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar iarratais ar údaruithe onnmhairiúcháin.

(6) An 8 Nollaig 2005, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Ionstraim Idirnáisiúnta lena gcuirtear ar chumas stát mionairm agus armáin éadroma aindleathacha (SALW) a shainaithint agus a rianú go tráthúil.

(7) Ag an Tríú Comhdháil Athbhreithniúcháin maidir le Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe, in 2018, dhearbhaigh Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe a dtiomantas Stáit a spreagadh, agus SALW aindleathacha á rianú acu, lena n-áirítear iad siúd ar thángthas orthu i gcásanna coinbhleachta agus iarchoinbhleachta, chun taifid a cheadú laistigh den Stát inar aimsíodh an mionarm nó an t-armán éadrom agus/nó dul i gcomhairle le Stát monaraithe an armáin sin. Thairis sin, sa tuarascáil chríochnaitheach ón Ochtú Cruinniú Débhliantúil na Stát chun breithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe (2002) tugtar faoi deara a thábhachtaí atá sé creataí rialála náisiúnta diana a fhorbairt nó a bhunú chun SALW a mharcáil, a thaifeadadh agus a rianú, i gcomhréir leis an Ionstraim Idirnáisiúnta Rianaithe chun atreorú agus aistriú idirnáisiúnta aindleathach SALW chuig faighteoirí neamhúdaraithe a chosc agus a chomhrac.

(8) An 24 Nollaig 2014, tháinig an Conradh Trádála Arm ("CTA") i bhfeidhm. Is é cuspóir CTA na caighdeáin idirnáisiúnta is airde is féidir a bhunú maidir le rialú a dhéanamh ar thrádáil idirnáisiúnta gnáth-arm, nó feabhas a chur ar an rialú sin, trádáil aindleathach gnáth-arm a chosc agus a dhíothú agus cosc a chur ar atreorú na n-arm sin. Ba cheart don Aontas tacú le Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe rialuithe éifeachtacha ar aistriú arm a chur chun feidhme chun a áirithiú go bhfuil CTA chomh héifeachtach agus is féidir, go háirithe maidir le cur chun feidhme Airteagal 11 de.

(9) Thacaigh an tAontas le iTrace roimhe seo le Cinntí 2013/698/CBES ([1]), (CBES) 2015/1908 ([2]), (CBES) 2017/2283 ([3]) agus (CBES) 2019/2191 ([4]) (iTrace I, II, III agus IV) ón gComhairle, agus is mian leis tacú le iTrace V, an cúigiú céim den sásra tuairiscithe domhanda seo maidir le gnáth-airm aindleathacha agus armlón chun rannchuidiú le slándáil chomhchoiteann na hEorpa, mar a iarradh i Straitéis Dhomhanda an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. D'fhonn Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh, Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle ([5]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2019/1560 ón gComhairle ([6]) agus Straitéis 2018 SALW AE a chur chun feidhme, agus an tsíocháin agus an tslándáil a chur chun cinn, beidh na cuspóirí sonracha seo a leanas ag na gníomhaíochtaí tionscadail a dtacóidh an tAontas leo:

— cothabháil leanúnach a dhéanamh ar chóras domhanda bainistithe faisnéise maidir le gnáth-airm atreoraithe nó gáinneáilte mar aon lena n-armlón ("iTrace") atá doiciméadaithe i limistéir ina bhfuil coinbhleacht chun faisnéis ábhartha a chur ar fáil do lucht ceaptha beartas, do shaineolaithe rialaithe gnáth-arm, agus d'oifigigh rialaithe onnmhairithe gnáth-arm chun straitéisí agus tionscadail éifeachtacha fhianaise-bhunaithe a fhorbairt i gcoinne leathadh aindleathach gnáth-arm agus armlón;

— oiliúint agus meantóireacht a chur ar údaráis náisiúnta i stáit atá buailte ag coinbhleacht chun acmhainneacht inbhuanaithe náisiúnta maidir le gnáth-airm a shainaithint agus a rianú a fhorbairt, comhar marthanach a spreagadh leis an tionscadal iTrace, tosaíochtaí slándála fisiciúla agus bainistithe stoc-charn (PSSM) a shainaithint ar bhealach níos fearr, ceanglais náisiúnta maidir le rialú arm agus cúnamh i bhforfheidhmiú an dlí a chur in iúl ar bhealach níos éifeachtaí, go háirithe tionscnaimh arna gcistiú ag an Aontas, amhail Córas Bainistithe INTERPOL do Thaifid agus Rianú Arm Aindleathach (iARMS), agus gníomhaíochtaí Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), agus an t-idirphlé le misin agus tionscnaimh an Aontais a neartú;

— minicíocht agus fad feabhsaithe an taighde allamuigh ar ghnáth-airmmar aon lena n-armlón, atá i gcúrsaíocht go neamhdhleathach i limistéir ina bhfuil coinbhleacht chun sonraí iTrace a ghiniúint, mar fhreagairt ar éilimh shoiléire arna ndéanamh ag na Ballstáit agus ag Toscaireachtaí an Aontais;

— tacaíocht shaincheaptha d'údaráis um rialúonnmhairithe arm na mBallstát agus do lucht ceaptha beartas rialaithe arm, lena n-áirítear cuairteanna comhairliúcháin a thugann foireann tionscadail iTrace ar phríomhchathracha na mBallstát, deasc chabhrach 24 uair an chloig chun comhairle láithreach a chur ar fáil maidir le straitéisí measúnaithe riosca agus straitéisí frith-atreoraithe, cothabháil a dhéanamh ar fheidhmchláir eolais shlána deisce agus mhóibíleacha chun fógra láithreach a thabhairt maidir le hatreorú iar-onnmhairiúcháin, agus maidir le fíorú iar-loingsithe arna dhéanamh ag foireann thionscadal iTrace a chur ar fáil do na Ballstáit, arna iarraidh sin;

([1]) Cinneadh 2013/698/CFSP ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir le tacaíocht a thabhairt do shásra tuarascála domhanda maidir le mionairm aindleathacha, airm éadroma agus airm aindleathacha traidisiúnta eile agus armlón chun an riosca a bhaineann le trádáil aindleathach na n-arm sin a laghdú (IO L 320, 30.11.2013, lch. 34)

([2]) Cinneadh 698/1908 (CBES) ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2015 maidir le tacaíocht a thabhairt do shásra tuarascála domhanda maidir le mionairm aindleathacha, armáin éadroma agus armáin aindleathacha traidisiúnta eile agus armlón chun an riosca a bhaineann le trádáil aindleathach na n-arm sin a laghdú ("iTrace II") (IO L 278, 23.10.2015, lch. 15).

([3]) Cinneadh 698/2283 (CBES) ón gComhairle an 11 Nollaig 2017 maidir le tacaíocht a thabhairt do shásra tuarascála domhanda maidir le mionairm aindleathacha, armáin éadroma agus armáin aindleathacha traidisiúnta eile agus armlón chun an riosca a bhaineann le trádáil aindleathach na n-arm sin a laghdú ("iTrace III") (IO L 328, 12.12.2017, lch. 20).

([4]) Cinneadh (CBES) 2019/2191 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 chun tacú le sásra tuairiscithe domhanda ar ghnáth-airm aindleathacha mar aon lena n-armlón chun an baol a bhaineann lena n-atreorú agus a n-aistriú aindleathach a laghdú ("iTrace IV") (IO L 330, 20.12.2019, lch. 53).

([5]) Comhsheasamh ón gComhairle 2008/944/CBES an 8 Nollaig 2008 lena sainmhínítear rialacha comhchoiteanna chun onnmhairí de theicneolaíocht agus de threalamh míleata a rialú (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99).

([6]) Cinneadh (CBES) 2019/1560 ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2019 lena leasaítear Comhsheasamh 2008/944/CBES lena sainmhínítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairithe teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 239, 17.9.2019, lch. 16).

— feasacht a mhéadú trí fhor-rochtain ar thorthaí an tionscadail, cuspóir agus feidhmeanna iTrace atá ar fáil a chur chun cinn do lucht ceaptha beartas idirnáisiúnta agus náisiúnta, do shaineolaithe rialaithe gnáth-arm agus d'údaráis um cheadú onnmhairithe arm, agus feabhas a chur ar an gcumas idirnáisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar leathadh aindleathach gnáth-arm agus a n-armlón agus ábhar gaolmhar, chomh maith le cúnamh a thabhairt do lucht ceaptha beartas réimsí tosaíochta a shainaithint le haghaidh cúnamh agus comhar idirnáisiúnta agus chun an baol go n-atreorófaí gnáth-airm agus armlón a laghdú;

— tuarascálacha tábhachtacha maidir le saincheisteanna beartais a sholáthar, arna dtarraingt ó na sonraí arna nginiúint ag imscrúduithe allamuigh agus arna gcur i láthair ar an gcóras iTrace, maidir le réimsí sonracha a bhfuil aird idirnáisiúnta tuillte acu, lena n-áirítear mórphatrúin maidir le gáinneáil ar ghnáth-airm agus armlón, agus dáileadh réigiúnach gnáth-arm agus armlón agus ábhair ghaolmhair atá gáinneáilte; agus

— rianú leanúnach a dhéanamh ar ghnáth-airm agus armlón, le comhar na mBallstát agus na Stát nach ballstáit den Aontas iad, mar na modhanna is éifeachtaí chun na sásraí atá taobh thiar d'atreorú gnáth-arm agus armlón chuig úsáideoirí neamhúdaraithe a bhunú agus a fhíorú a mhéid is féidir; cuirfear leis an rianú trí imscrúduithe leantacha a dhíreoidh ar na líonraí daoine, airgeadais agus lóistíochta atá taobh thiar d'aistrithe aindleathacha gnáth-arm a shainaithint.

2. Leagtar amach tuairisc mhionsonraithe ar an tionscadal sin san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí") freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is é *Conflict Armament Research Ltd.* ("CAR") a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

3. Déanfaidh CAR an cúram seo faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le CAR.

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 6 200 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun an tionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur chun feidhme. EUR 8 806 101,20 a bheidh i mbuiséad measta iomlán an tionscadail iomláin, a chuirfear ar fáil trí chómhaoiniú ó CAR agus ó Oifig Gnóthaí Eachtracha Chónaidhm na Gearmáine.

2. Déanfar an caiteachas arna mhaoiniú leis an méid a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar bhainistiú cuí an mhéid tagartha airgeadais dá dtagraítear i mír 1. Chuige sin, tabharfaidh sé comhaontú airgeadais i gcrích le CAR. Sonróidh an comhaontú sin go n-áiritheoidh CAR infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, a bheidh i gcomhréir lena méid.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú sin i gcrích.

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha ráithiúla insinte tráthrialta arna n-ullmhú ag CAR. Is ar bhonn na dtuarascálacha sin a dhéanfaidh an Chomhairle an mheastóireacht. Chun cuidiú leis an gComhairle meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí an Chinnidh seo, déanfaidh eintiteas seachtrach meastóireacht ar thionchar an tionscadail.

2. Tuairisceoidh an Coimisiún faoi ghnéithe airgeadais an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

*Airteagal 5*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích. Rachaidh sé in éag, áfach, 6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm mura dtabharfar aon chomhaontú i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Feabhra 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

*IARSCRÍBHINN*

**DOICIMÉAD TIONSCADAIL**

**Gníomhaíocht mar thaca le sásra tuairiscithe domhanda ar ghnáth-airm aindleathacha agus armlón chun an baol a bhaineann lena n-atreorú agus lena n-aistriú aindleathach a laghdú**

**("iTrace V")**

**An sásra tuairiscithe domhanda ar ghnáth-airm aindleathacha, mar aon lena n-armlón "iTrace"**

## 1. Cúlra agus réasúnaíocht do thacaíocht ó CBES

1.1. Leis an gCinneadh seo, cuirtear le Cinntí comhleanúnacha ón gComhairle chun tionchar díchobhsaitheach atreorú agus gáinneáil ar ghnáth-airm agus a n-armlón i limistéir ina bhfuil coinbhleacht a chomhrac, go háirithe Cinntí 2013/698/CBES, (CBES) 2015/1908, (CBES) 2017/2283, agus (CBES) 2019/2191 lenar bunaíodh agus lenar feabhsaíodh an sásra tuairiscithe domhanda ar ghnáth-airm, mar aon lena n-armlón "iTrace".

Tá leathadh aindleathach gnáth-arm mar aon lena n-armlóin ina thoisc mhór a bhaineann an bonn de chobhsaíocht an Stáit agus a chuireann le coinbhleachtaí, rud atá ina bhagairt thromchúiseach ar an tsíocháin agus ar an tslándáil. Mar a luaitear i Straitéis SALW an Aontais, leanann airm thine aindleathacha agus SALW de bheith ag cur leis an éagobhsaíocht agus leis an bhforéigean san Aontas, ina gharchomharsanacht, agus sa chuid eile den domhan. Tá mionairm aindleathacha ag spreagadh sceimhlitheoireacht agus coinbhleachtaí domhanda, ag cur de dhroim seoil forbairt an Aontais chomh maith lena iarrachtaí bainistithe géarchéime, daonnúla agus cobhsaíochta in áiteanna áirithe i gcomharsanacht an Aontais agus san Afraic. Laistigh den Aontas, tá tionchar soiléir ag airm thine aindleathacha ar an tslándáil inmheánach, tríd an gcoireacht eagraithe a spreagadh agus ag cur ar chumas sceimhlitheoirí ionsaithe a dhéanamh ar thalamh na hEorpa. Leis na torthaí a fuarthas le déanaí ó thionscadal iTrace san Afganastáin, san Iaráic, sa Libia, sa Mhagraib, sa tSiria, san Úcráin agus in Éimin, agus ó choinbhleachtaí eile gar do theorainneacha seachtracha an Aontais, dearbhaítear na dearbhuithe i Straitéis SALW an Aontais.

Leis na gníomhaíochtaí a rinneadh faoi Chinneadh (CBES) 2019/2191, dearbhaíodh iTrace mar thionscnamh domhanda chun faireachán a dhéanamh ar airm choinbhleachta. D'oibrigh Tionscadal iTrace i níos mó ná 40 stát atá buailte ag coinbhleachtaí, lena n-áirítear san Afraic, sa Mheánoirthear, san Áise Láir, agus san Áise Theas agus Thoir agus chruthaigh sé an stór poiblí is mó ar domhan de ghnáth-airm mar aon lena n-armlón atreoraithe chun tacú le Stáit ina n-iarrachtaí atreorú a bhrath agus aghaidh a thabhairt air i gcomhréir le gealltanais maidir le Critéir 7 de Chomhsheasamh 2008/944/CBES (comhdhlúite) agus le hAirteagal 11 den Chonradh Trádála Arm (CTA). Déantar foráil ann maidir le tuairisciú beacht ar atreorú arm mar aon lena n-armlón chuig fórsaí ceannairceacha agus sceimhlitheoireachta armtha ar bagairt iad do shlándáil an Aontais, lena n-áirítear Al Qaeda sa Mhagraib Ioslamach agus Da'esh/Stát Ioslamach, agus tugann sé foláireamh faoi rún agus go tapa d'údaráis na mBallstát um rialú onnmhairithe maidir le rioscaí atreoraithe iar-onnmhairithe, lena gcuirtear faisnéis chriticiúil fhíor-ama ar fáil do Thoscaireachtaí an Aontais agus do mhisin taidhleoireachta na mBallstát i réigiúin ina bhfuil coinbhleachtaí maidir le gáinneáil ar airm agus dinimic coinbhleachtaí. Déanann sé feasacht maidir le rialú arm agus bearta i gcoinne atreorú a phríomhshruthú trí rannpháirtíocht chothrom fhreagrach na meán nuachta domhanda.

1.2. Mar sin féin, faigheann tionscadal iTrace iarrataí leanúnacha ó na Ballstáit faisnéisiú díreach duine le duine a chur ar fáil d'údaráis náisiúnta um cheadúnú onnmhairithe arm (lena n-áirítear cuairteanna rialta ar phríomhchathracha, go háirithe tar éis srianta taistil COVID-19 a mhaolú) agus raon níos mó acmhainní a chur ar fáil go déthaobhach do lucht déanta beartas na mBallstát maidir le rialú onnmhairithe arm.

Dá bhrí sin, is é is aidhm don Chinneadh seo leanúint d'obair an tionscadail faoi Chinneadh (CBES) 2019/2191 agus an obair sin a fheabhsú trí fhaisnéis ábhartha arna dtiomsú go córasach a sholáthar do lucht ceaptha beartas, saineolaithe rialaithe arm agus oifigigh rialaithe onnmhairithe arm an Aontais, faisnéis a thacóidh leo straitéisí éifeachtacha, fianaisebhunaithe a fhorbairt i gcoinne atreorú agus leathadh aindleathach gnáth-arm mar aon lena n-armlón chun feabhas a chur ar an tslándáil idirnáisiúnta agus réigiúnach. Dá bhrí sin, leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt dóibh straitéis fhrithghníomhach rathúil a chomhcheangal le gníomhaíocht choisctheach leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar sholáthar agus éileamh neamhdhleathach, agus chun rialú éifeachtach gnáth-arm i dtríú tíortha a áirithiú.

1.3. Leis an gCinneadh seo, foráiltear do chothabháil leanúnach an chórais tuairiscithe dhomhanda ar armán iTrace, a bhfuil rochtain ag an bpobal air, agus do thuilleadh feabhais ar an gcóras. Déanfar na tionscadail a liostaítear i gCinneadh (CBES) 2019/2191 a threisiú tríd an méid seo a leanas: 1) minicíocht mhéadaithe agus fad méadaithe na misean chun sonraí a bhailiú maidir le soláthairtí aindleathacha gnáth-arm isteach i réigiúin ina bhfuil coinbhleacht; 2) pacáistí tacaíochta saincheaptha a chuirtear ar fáil do na Ballstáit ina mbeidh comhairliúchán díreach, sonraí agus aschuir shaincheaptha, deasc chabhrach 24 uair an chloig, agus cúraimí fíoraithe iar-loingsithe; agus 3) oiliúint agus meantóireacht do na húdaráis náisiúnta i Stáit atá buailte ag coinbhleacht chun gnáth-airm aindleathacha a aimsítear nó a urghabhtar ar a ndlínse chríochach a rianú, chun acmhainneacht i gcoinne atreorú a fhorbairt, lena n-áirítear acmhainneachtaí rianaithe faoi chuimsiú na hIonstraime Idirnáisiúnta Rianaithe, chun bainistiú arm a fheabhsú, lena n-áirítear taifid a choinneáil, agus chun borradh a chur faoi bhailiú sonraí iTrace.

## 2. **Cuspóirí foriomlána**

Leis an nGníomhaíocht a bhfuil cur síos uirthi thíos, tabharfar tuilleadh tacaíochta don chomhphobal idirnáisiúnta chun an tionchar díchobhsaitheach a bhíonn ag atreorú agus gáinneáil ar ghnáth-airm mar aon lena n-armlón a chomhrac. Leanfaidh sí d'fhaisnéis ábhartha a sholáthar do lucht ceaptha beartas, saineolaithe rialaithe arm agus oifigigh rialaithe ar onnmhairiú arm, faisnéis a thacóidh leo straitéisí éifeachtacha, fianaisebhunaithe a fhorbairt i gcoinne atreorú agus leathadh aindleathach gnáth-arm mar aon lena n-armlón chun feabhas a chur ar an tslándáil idirnáisiúnta agus réigiúnach. Go sonrach, déanfaidh an Ghníomhaíocht an méid seo a leanas:

(a) faisnéis nithiúil a sholáthar maidir le hatreorú agus gáinneáil ar ghnáth-airm mar aon lena n-armlón, chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach Chomhsheasamh 2008/944 ón gComhairle (comhdhlúite), an Chonartha Trádála Arm (CTA), Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe maidir le Trádáil Aindleathach SALW agus na hIonstraime Idirnáisiúnta Rianaithe;

(b) tacaíocht shaincheaptha a chur ar fáil do na Ballstáit chun cabhrú le riosca atreoraithe a mheasúnú agus a mhaolú;

(c) bealaí agus eintitis a nochtadh a bhfuil baint acu le gnáth-airm mar aon lena n-armlón a atreorú chuig réigiúin ina bhfuil coinbhleacht nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta sceimhlitheoireachta agus fianaise a sholáthar de ghrúpaí agus de dhaoine aonair atá i mbun trádáil aindleathach, mar thaca le himeachtaí náisiúnta dlíthiúla;

(d) feabhas a chur ar an gcomhar idir orgáin ábhartha de chuid na Náisiún Aontaithe, misin agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile, maidir le gnáth-airm mar aon lena n-armlón a rianú, agus maidir le faisnéis a chur ar fáil go díreach mar thaca leis na sásraí faireacháin atá ann cheana, lena n-áirítear iARMS INTERPOL, agus EUROPOL a thug meabhrán tuisceana um chomhroinnt faisnéise i gcrích le CAR in 2019;

(e) faisnéis ábhartha a sholáthar chun réimsí tosaíochta a shainaithint le haghaidh comhar agus cúnamh idirnáisiúnta agus réigiúnach chun atreorú agus gáinneáil ar ghnáth-airm mar aon lena n-armlón a chomhrac go héifeachtach, cosúil le cistiú le haghaidh tionscadal i ndáil le slándáil stoc-charn agus/nó bainistiú teorainneacha;

(f) sásra a thairiscint chun cabhrú le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme CTA, go sonrach chun atreorú gnáth-arm aistrithe a bhrath chomh maith le cúnamh a thabhairt do Rialtais breithmheas a thabhairt ar an mbaol atreoraithe sula n-onnmhaireofar gnáth-airm, go háirithe an baol atreoraithe laistigh den tír is faighteoir nó athonnmhairiú faoi choinníollacha neamh-inmhianaithe; agus

(g) mar fhreagairt ar na bagairtí ar shlándáil an Aontais atá ag síorathrú, feabhas a chur ar chumas CAR slabhraí coimeádta na gcomhpháirteanna a fhaightear i dtrealamh míleata a dhoiciméadú, a rianú agus anailís a dhéanamh orthu, agus na torthaí sin a thuairisciú do na Ballstáit agus d'institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais.

## 3. **Inbhuanaitheacht agus torthaí fadtéarmacha an tionscadail**

Leis an nGníomhaíocht, cuirfear creat marthanach ar fáil chun faireachán leantach a dhéanamh ar leathadh aindleathach gnáth-arm mar aon lena n-armlón. Meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar an bhfaisnéis atá ann cheana a bhaineann le hairm agus go dtacófar go suntasach le forbairt spriocdhírithe beartas éifeachtach maidir le rialú gnáth-arm agus rialú ar onnmhairiú arm, lena n-áirítear córais smachtbhannaí. Go sonrach, déanfaidh an Ghníomhaíocht an méid seo a leanas:

(a) tuilleadh úsáide a bhaint as an gcóras bainistithe faisnéise iTrace lena n-áiritheofar go ndéanfar sonraí gnáth-arm aindleathach a bhailiú agus a anailísiú ar bhonn fadtéarmach;

(b) uirlis a chur ar fáil do lucht ceaptha beartas agus do shaineolaithe rialaithe gnáth-arm chun straitéisí agus réimsí tosaíochta níos éifeachtaí a shainiú don chúnamh agus don chomhar (mar shampla, trí chomhar foréigiúnach nó réigiúnach, sásraí comhordúcháin agus comhroinnte faisnéise a shainaithint nach mór a bhunú nó a neartú, trí stoc-chairn náisiúnta neamhshlána, bainistiú neamhleor fardail, bealaí neamhdhleathacha aistrithe, sáruithe ar smachtbhannaí, rialuithe teorann laga, agus acmhainneachtaí neamhleora forfheidhmithe dlí a shainaithint);

(c) an tsolúbthacht ionsuite a bheith ann chun faisnéis atá ábhartha ó thaobh beartais de a ghiniúint, gan beann ar riachtanais bheartais atá ag athrú go tapa;

(d) éifeachtúlacht eagraíochtaí idirnáisiúnta um fhaireachán arm agus daoine aonair a mhéadú go suntasach trí shásra comhroinnte faisnéise a sholáthar a mbeidh a raon feidhme ag leathnú de shíor chomh maith le cúnamh teicniúil agus acmhainneachta; agus

(e) acmhainneacht náisiúnta inbhuanaithe a thógáil i Stáit atá buailte ag coinbhleachtaí chun gnáth-airm aindleathacha a shainaithint agus a rianú agus páirt níos éifeachtaí a ghlacadh i rialú idirnáisiúnta arm agus i bpróisis forfheidhmithe dlí.

4. **Cur síos ar an nGníomhaíocht**

4.1. *Tionscadal 1: Acmhainneacht theicniúil a fhorbairt maidir le sainaithint agus rianú armán.*

4.1.1. Cuspóir an tionscadail

Cuireann cláir oiliúna agus meantóireachta iTrace na modhanna agus scileanna ar fáil d'údaráis náisiúnta i stáit atá buailte ag coinbhleachtaí chun atreorú gnáth-arm a fhéindiagnóisiú agus chun aghaidh a thabhairt air. Is é is aidhm don oiliúint feabhas a chur ar an acmhainneacht nach ann di go minic chun gnáth-airm aindleathacha a shainaithint agus a rianú, agus le meantóireacht, cuirtear ar chumas fhoireann tionscadail iTrace bearnaí acmhainneachta criticiúla a shainaithint i bhfíor-am agus réitigh a chur in oiriúint láithreach chun aghaidh a thabhairt orthu. Le cláir oiliúna agus meantóireachta iTrace, thairis sin, daingnítear caidrimh idir tionscadal iTrace agus na húdaráis náisiúnta, lena dtugtar rochtain níos fearr dá fhoirne imscrúdaithe allamuigh ar ghnáth-airm a urghabhadh agus a aisghabhadh - agus feabhas á chur, ar an gcaoi sin, ar raon iomlán bhailiúchán, anailísiú agus thuairisciú sonraí iTrace.

4.1.2. Tairbhe do thionscnaimh rialaithe arm an Aontais

Tugann cláir oiliúna agus meantóireachta iTrace freagra ar ghníomhaíochtaí ar a dtugtar aghaidh i Straitéis SALW an Aontais - chun tacú le hacmhainneachtaí náisiúnta chun 'foinsí SALW agus armlóin aindleathaigh a lorg agus a rianú i limistéir choinbhleachta' - agus feabhas a chur go díreach agus go hindíreach ar raon leathan tionscnamh rialaithe arm lena dtacaíonn na Ballstáit. Áirítear ar na tionchair dhíreacha tacaíocht a thabhairt d'údaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí chun mionairm agus airm éadroma a rianú i gcomhréir leis an Ionstraim Idirnáisiúnta Rianaithe, feabhas a chur ar an acmhainneacht náisiúnta chun sonraí a bhailiú maidir le hairm rianaithe faoi chuimsiú tháscaire Sprice Forbartha Inbhuanaithe 16.4.2, agus tacú le cláir bainistithe arm agus armlóin arna dtionscnamh ag na Ballstáit. I measc na n-iarmhairtí indíreacha is féidir 'aiseolas' a thabhairt ón bhfaisnéis arna bailiú ar an láthair, ar nós foláireamh a thabhairt do na Ballstáit maidir leis na rioscaí atreoraithe a thagann chun cinn i dtíortha comhpháirtíochta agus atreorú ó stoc-chairn náisiúnta a bhrath agus an fhaisnéis sin a sholáthar do chláir slándála fisiciúla agus bainistithe stoc-charn a fhaigheann tacaíocht ón Aontas.

4.1.3. Gníomhaíochtaí tionscadail

Cuireann Aonad CAR um Thacaíocht Theicniúil gníomhaíochtaí oiliúna agus meantóireachta ar fáil d'údaráis náisiúnta sna stáit atá buailte ag coinbhleachtaí ina bhfeidhmíonn Tionscadal iTrace. Ceapadh na gníomhaíochtaí oiliúna agus meantóireachta sin chun borradh a chur faoi thionscnaimh náisiúnta i gcoinne an atreoraithe ar fud na tíre trí theagasc agus forbairt acmhainneachtaí a chur ar fáil maidir le rianú, marcáil agus coinneáil taifead a dhéanamh ar ghnáth-airm aindleathacha urghafa agus ghafa, ag cloí le nósanna imeachta a bhunaítear leis an Ionstraim Idirnáisiúnta Rianaithe, agus trí mheasúnuithe slándála fisiciúla agus bainistithe stoc-charn a chur ar fáil atá ceaptha chun rioscaí atreoraithe a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu ag an bhfoinse. Soláthrófar, le CAR, oiliúint speisialaithe, bunaithe ar mheasúnú ar riachtanais maidir le raon iomlán na ngníomhaíochtaí a liostaítear thuas, do chomhpháirtithe áitiúla agus, i gcás inar gá, d'fhoireann tacaíochta síochána, lena n-áirítear misin na Náisiún Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh agus grúpaí/painéil faireacháin smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe. I ndáil leis an méid sin, leanfaidh Tionscadal iTrace d'fhreagairt go díreach ar an ngníomhaíocht a liostaítear i Straitéis 2018 SALW an Aontais, ina n-iarrtar tacaíocht ón Aontas do 'painéil de chuid na Náisiún Aontaithe a dhéanann faireachán ar thrádbhacanna arm' agus go mbreathnófaí ar 'bealaí chun feabhas a chur ar rochtain ar a gcuid torthaí maidir le hatreorú agus airm thine aindleathacha agus SALW chun críoch rialaithe ar onnmhairiú arm.' Leis an oiliúint faoi Thionscadal iTrace tógfar ar réimse seirbhísí atá á dtairiscint ag CAR ó 2014 i leith, rud atá ríthábhachtach maidir le tacú le comhpháirtithe áitiúla i stáit atá buailte le coinbhleacht, cabhrú le painéil na Náisiún Aontaithe chomh maith le rochtain níos fearr a fháil ar fhoirne imscrúdaithe iTrace allamuigh. Déanfaidh an tionscadal baill foirne a imscaradh óna fhoirne imscrúdaithe allamuigh agus ón Aonad um Thacaíocht Theicniúil chun treoir a thabhairt ar leibhéil a éiríonn níos teicniúla de réir a chéile, lena gcuimsítear an méid seo a leanas:

(a) réamhrá maidir le bailiú sonraí gnáth-arm, agus tagairt á déanamh do chásanna sonracha;

(b) sainaithint bhunúsach gnáth-arm agus teicnící doiciméadachta éifeachtacha;

(c) nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha maidir le bailiú fianaise agus an líne chúraim fhianaiseach;

(d) ceanglais imscrúduithe fadraoin, réigiúnacha agus idirnáisiúnta;

(e) cur chun feidhme na hIonstraime Idirnáisiúnta Rianaithe; i gcás inarb iomchuí, cuirfear oiliúint ar údaráis i dtíortha comhpháirtíochta agus spreagfar iad chun iarrataí ar rianú a thionscnamh;

(f) rianú idirnáisiúnta arm agus córais maidir le rianú arm (go háirithe Interpol agus Europol);úsáid a bhaint as 'mórshonraí' agus anailís ar threochtaí; agus

(g) bealaí le haghaidh cúnamh teicniúil (idirnáisiúnta) agus idirghabháil forfheidhmithe dlí.

Déanfar na gníomhaíochtaí sin in éineacht le himscrúduithe allamuigh iTrace - lena n-áirítear imscrúduithe comhpháirteacha (meantóireacht) arna ndéanamh le húdaráis rialtais náisiúnta. Áireofar leo freisin oiliúint leanúnach agus athdheimhniú fhoireann CAR a theastaíonn chun oiliúint agus meantóireacht a chur chun feidhme.

4.1.4. Torthaí an tionscadail

Déanfaidh an tionscadal an méid seo a leanas:

(a) spreagfaidh sé na húdaráis náisiúnta chun rochtain níos fearr a thabhairt d'fhoirne imscrúdaithe allamuigh iTrace, mar fhreagairt ar na hiarrataí a rinneadh arís agus arís eile ar fhoirne iTrace cúnamh teicniúil agus acmhainneacht imscrúdaithe chomhpháirteach a chur ar fáil agus arb ionann é agus méadú ar bhailiú sonraí iTrace.

(b) cuirfidh sé cúnamh acmhainneachta nithiúil ar fáil do rialtais náisiúnta nach bhfuil na huirlisí acu chun gnáth-airm atreoraithe a shainaithint agus tuairisciú orthu, agus iad ag fulaingt mar thoradh ar thionchar an atreoraithe gnáth-arm; is minic gur réamhtheachtaí é sin do bhainistiú gnáth-arm intíre níos éifeachtaí agus, dá réir sin, tacaíonn sé le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm, na Ionstraime Idirnáisiúnta Rianaithe, an Chláir Gníomhaíochta maidir le mionairm agus armáin éadroma, agus le clársceidealú SDG 16.4.2 agus PSSM agus leis an idirchaidreamh le comhlachtaí idirnáisiúnta forfheidhmithe dlí, lena n-áirítear Interpol (iARMS) agus Europol.

(c) tacóidh sé le hidirphlé feabhsaithe, go háirithe maidir le príomh-gheallsealbhóirí a shainaithint do thionscnaimh eile arna dtacú ag an Aontas, mar shampla caidreamh mhisin an Aontais le rialtais óstacha, agus tús a chur le tionscnaimh, ar nós clársceidealú PSSM, mar shampla tionscadail bainistithe stoc-charn arna dtacú ag an Aontas.

4.1.5. Táscairí cur chun feidhme an tionscadail

Suas le 40 cuairt oiliúna agus meantóireachta allamuigh, agus béim ar athchuairteanna chun tacú leis na húdaráis náisiúnta acmhainneacht rianaithe a fhorbairt.

Cuirfear an tionscadal i bhfeidhm in imeacht thréimhse iomlán 3 bliana thionscadal iTrace.

4.1.6. Tairbhithe an tionscadail

Beidh tairbhí díreacha ag baint le gníomhaíochtaí oiliúna agus meantóireachta iTrace do gheallsealbhóirí náisiúnta i stáit atá buailte ag coinbhleachtaí, lena n-áirítear comhlachtaí forfheidhmithe dlí agus ionchúisitheoirí. Leis an gclár, cuirfear tacaíocht indíreach ar fáil don idirphlé náisiúnta le tionscnaimh rialaithe arm arna gcistiú ag an Aontas agus le tionscnaimh eile maidir le rialú arm, lena spreagfar úsáid sásraí rianaithe idirnáisiúnta (lena n-áirítear córas iARMS Interpol agus Europol), agus lena n-éascófar rannpháirtíocht le tionscadail bainistithe stoc-charn arna dtacú ag an Aontas agus le tionscadail rialaithe SALW eile.

4.2. *Tionscadal 2: An córas iTrace a chothabháil le fianaise dhoiciméadach fíor-ama maidir le hatreorú agus gáinneáil ar ghnáth-airm agus armlón, agus faisnéis ábhartha eile.*

4.2.1. Cuspóir an tionscadail

Leis an tionscadal seo, cothófar an tionscadal taighde allamuigh ar ghnáth-airm agus armlón a scaiptear i limistéir atá buailte ag coinbhleachtaí. Tabharfar tús áite sa tionscadal do thíortha is ábhar imní ar leith do na Ballstáit iad, lena n-áirítear, *inter alia*, an Afganastáin, an Iaráic, an Libia, Mailí, an tSúdáin Theas, an tSomáil, an tSiria, an Úcráin agus Éimin. Cuirfidh na himscrúduithe sin ar an talamh fianaise nithiúil ar fáil maidir le gnáth-airm atreoraithe atá ag fórsaí ceannairceacha agus sceimhlitheoireachta, rud a bheadh dofheicthe murach sin do bhreathnóirí seachtracha (lena n-áirítear Ballstáit an Aontais a onnmhairíonn airm). Iarrfaidh CAR go dtabharfaidh an Mheitheal an Aontais um Neamhleathadh agus Onnmhairiú Arm (Onnmhairiú Gnáth-Arm) (COARM) formheas roimh ré sula mbeidh rannpháirtíocht shubstaintiúil sna tíortha uile nach raibh faoi réir imscrúduithe allamuigh iTrace ná cláir oiliúna agus meantóireachta iTrace roimhe sin.

Agus úsáid á baint as teicneolaíochtaí nua agus ardteicnící fóiréinseacha, bainfidh CAR leas as réimse leathan gníomhaíochtaí allamuigh, lena n-áirítear doiciméadacht fhótagrafach fheabhsaithe, saothrú fóiréinseach, agus athchóiriú marcanna scriosta. Tá sé cruthaithe ag CAR go nochtar leis na modhanna sin faisnéis inrianaithe maidir le hairm, armlón agus ábhar gaolmhar nárbh fhéidir a rianú roimhe seo, rud a fhágann gur féidir imscrúduithe a dhéanamh ar raon méadaitheach ábhar aindleathach, ar baineadh faisnéis aitheantais de chun bunáitíocht a cheilt.

Leis na sonraí a thiocfaidh as sin, cuirfear feabhas ar chomhthuiscint na mBallstát ar atreorú agus ar aistrithe aindleathacha, ar na modhanna a úsáideann gáinneálaithe chun iad a cheilt, agus cuirfear feabhas suntasach ar a n-acmhainneachtaí chun cur isteach ar an trádáil aindleathach.

4.2.2. Tairbhe do thionscnaimh rialaithe arm an Aontais

Le himscrúduithe allamuigh iTrace, soláthraítear bonnlíne dhinimiciúil maidir le gnáth-airm atreoraithe i stáit atá buailte ag coinbhleachtaí. Foráiltear leis an mbonnlíne sin beart rollach i ndáil le héifeachtúlacht na gcomhaontuithe maidir le rialú arm a bhfuil na Ballstáit tiomanta dóibh, lena n-áirítear *inter alia*: Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle (comhdhlúite); an Conradh Trádála Arm; an Clár Gníomhaíochta maidir le mionairm agus armáin éadroma; agus Straitéis SALW an Aontais 2018. Feidhmíonn an doiciméadú críochnúil ar na hairm a úsáidtear i gcoinbhleachtaí freisin mar thús phointe do rianuithe foirmiúla ar ghnáth-airm agus d'imscrúduithe cuimsitheacha ar choinbhleachtaí, maoiniú agus líonraí soláthair arm.

4.2.3. Gníomhaíochtaí tionscadail

Déanfar na gníomhaíochtaí seo a leanas faoi chuimsiú an tionscadail seo:

(a) saineolaithe cáilithe arm a imscaradh chun anailís a dhéanamh ar an láthair ar ghnáth-airm aindleathacha mar aon lena n-armlón, arna n-aisghabháil ó stáit atá buailte ag coinbhleachtaí;

(b) anailís, athbhreithniú agus fíorú ar fhianaise dhoiciméadaithe maidir le gnáth-airm, mar aon lena n-armlón agus a n-úsáideoirí, lena n-áirítear, *inter alia*, doiciméadacht fhótagrafach, saothrú fóiréinseach agus athchóiriú marcanna scriosta na n-arm, a gcomhpháirteanna agus marcanna inmheánacha agus seachtracha, pacáistiú agus an doiciméadacht ghaolmhar maidir le loingseoireacht, mar aon le torthaí na n-imscrúduithe allamuigh (úsáideoirí, soláthróirí, agus bealaí aistrithe);

(c) an fhianaise ar fad a bailíodh agus a ndearnadh athbhreithniú uirthi a uaslódáil ar an gcóras bainistíochta faisnéise iTrace agus, nuair a bheidh sé fíoraithe, ar an tairseach mapála ar líne iTrace;

(d) comhpháirtithe áitiúla a shainaithint agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun a áirithiú go mbaileofar sonraí ar bhonn leanúnach chun tacú le iTrace le linn thréimhse na gníomhaíochta atá beartaithe agus ina dhiaidh sin;

(e) leanfar den idirchaidreamh le rialtais an Aontais chun pointí teagmhála náisiúnta a shainiú roimhe ré, mar aon le sásra comhordúcháin, chun raon feidhme imscrúduithe CAR a shoiléiriú, agus chun coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú, roimh a chuid imscrúduithe.

Cuirfear an tionscadal i bhfeidhm de réir a chéile in imeacht thréimhse iomlán 3 bliana thionscadal iTrace.

4.2.4. Torthaí an tionscadail

Déanfaidh an tionscadal an méid seo a leanas:

(a) an fhianaise fhisiciúil a dhoiciméadú, *in situ*, maidir le gnáth-airm a ndéantar a atreorú nó a gháinneáil, mar aon lena n-armlón,i réigiúin atá buailte ag coinbhleachtaí;

(b) cásanna gáinneála aindleathaí a fhíorú agus a fhorbairt de réir na fianaise a bhailíonn CAR, eagraíochtaí a bhfuil buan-chomhaontuithe comhroinnte faisnéise acu le CAR, agus, mar is iomchuí, eagraíochtaí eile, maidir le gnáth-airm a ndéantar a atreorú nó a gháinneáil, mar aon lena n-armlón, ar fud na réigiún uile;

(c) fianaise nithiúil amhairc agus fhisiciúil a sholáthar maidir le gnáth-airm a ndéantar a atreorú nó a gháinneáil, mar aon lena n-armlón, lena n-áirítear grianghraif d'earraí, a gcomhpháirteanna, a sraithuimhreacha, a marcanna monarchan, a mboscaí, a nduillíní pacála, a ndoiciméid loingseoireachta, agus doiciméadacht agus faisnéis a fhaightear trí shaothrú fóiréinseach agus athchóiriú marcanna scriosta;

(d) cuntais théacsúla a ghiniúint maidir le gníomhaíocht aindleathach, lena n-áirítear bealaí gáinneála, gníomhaithe agus líonraí airgeadais agus tacaíochta a bhfuil baint acu le hatreorú nó le haistriú aindleathach agus maidir le measúnuithe ar fhachtóirí a chuireann léis an méid sin (lena n-áirítear bainistiú agus slándáil neamhéifeachtach stoc-charn agus líonraí soláthair aindleathacha arna reáchtáil ag an stát d'aon ghnó);

(e) an fhianaise thuasluaite a uaslódáil i gcóras bainistíochta faisnéise iTrace agus uirlisí gaolmhara.

4.2.5. Táscairí cur chun feidhme an tionscadail

Suas le 75 imscaradh allamuigh (lena n-áirítear imscaradh a bhfuil síneadh curtha leis i gcás inar gá) ar feadh na tréimhse 4 bliana chun fianaise a ghiniúint le huaslódáil i gcóras bainistíochta faisnéise iTrace agus sa tairseach mapála ar líne.

Cuirfear an tionscadal i bhfeidhm in imeacht thréimhse iomlán 3 bliana thionscadal iTrace.

4.2.6. Tairbhithe an tionscadail

Leanfaidh iTrace d'fhaisnéis atá ag éirí níos cuimsithí a chur ar fáil a bheidh dírithe go sainráite ar an gcéad dul síos ar lucht ceaptha beartas náisiúnta an Aontais maidir le rialú arm, agus ar údaráis um cheadúnú onnmhairithe arm, chomh maith le hinstitiúidí, gníomhaireachtaí agus misin an Aontais. Beidh rochtain freisin ag na tairbhithe sin de chuid an Aontais ar fhaisnéis rúnda trí ardáin shlána ríomhaire deisce agus mhóibíleacha arna soláthar ag iTrace.

Beidh rochtain i gcónaí ar fhaisnéis phoiblí ag tairbhithe uile an Aontais, mar aon le tairbhithe nach tairbhithe de chuid an Aontais iad, mar shampla, lucht ceaptha beartas rialaithe arm agus údaráis um cheadúnú onnmhairithe arm i dtríú tíortha, eagraíochtaí taighde neamhrialtasacha, eagraíochtaí abhcóideachta agus na meáin nuachta idirnáisiúnta.

4.3. *Tionscadal 3: Tacaíocht shaincheaptha d'údaráis rialaithe onnmhairithe arm na mBallstát , do lucht ceaptha beartas rialaithe arm agus do gheallsealbhóirí gaolmhara.*

4.3.1. Cuspóir an tionscadail

Leis an tionscadal, tabharfar tacaíocht dhéthaobhach chomhsheasmhach do na Ballstáit, na húdaráis um rialú onnmhairithe arm, lucht déanta beartas maidir le rialú arm, agus geallsealbhóirí gaolmhara, lena n-áirítear cuairteanna rialta duine-le-duine agus tuairisciú saincheaptha, a chuirfear in oiriúint dá réimsí spéise sonracha maidir le rialú arm agus ceanglais faisnéise. Caithfear le faisnéis arna soláthar ag údaráis náisiúnta um cheadúnú onnmhairithe arm na mBallstát leis an urraim agus an rúndacht chuí. Leanfaidh CAR de bheith i dteagmháil le réimse údaráis náisiúnta um cheadúnú onnmhairithe arm i dtríú tíortha. Tacófar, leis na caidrimh sin, le roinnt gnéithe ríthábhachtacha de na hiarrachtaí idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar atreorú agus ar gháinneáil gnáth-arm agus treiseofar bearta idirnáisiúnta i gcoinne atreorú, lena n-áirítear:

(a) sonraí mionsonraithe agus fianaise maidir le hatreorú doiciméadaithe a chur ar fáil d'údaráis um cheadúnú onnmhairithe; agus

(b) tacú le hacmhainneacht fíoraithe iar-loingsithe/iarsheachadta nó é sin a chur ar fáil do na Ballstáit, ar iarraidh a fháil go hoifigiúil ó údaráis náisiúnta an Aontais um cheadúnú onnmhairithe arm.

4.3.2 Tairbhe do thionscnaimh rialaithe arm an Aontais

Leis na cuairteanna rialta a thugann foireann Thionscadal iTrace ar phríomhchathracha na mBallstát, is féidir plé déthaobhach a dhéanamh ar ábhair íogaire (i.e. atreorú iar-onnmhairiúcháin), is féidir leis na Ballstáit ionchur díreach a bheith acu i gceapadh iTrace agus sna torthaí a bhíonn air (treo agus raon feidhme na n-imscrúduithe agus cineálacha tuairiscithe), agus cuidiú le bearta cothaithe muiníne a fhorbairt (i.e. na próisis 'réamhfhógra' agus 'ceart freagartha' atá in iTrace). Go criticiúil, chun dul i bhfeidhm ar na Ballstáit, cuirtear fóram ar fáil le iTrace le haghaidh plé a bhíonn caolchúiseach go minic maidir le dúshláin agus deiseanna náisiúnta a bhaineann le Critéar 7 i gComhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle (comhdhlúite) agus na gealltanais a tugadh faoi Airteagal 11 den Chonradh Trádála Arm. Faoi na Tionscadail iTrace a bhí ann roimhe seo (I-IV), bhí cuairteanna for-rochtana ríthábhachtach chun tuiscint a fháil ar riachtanais faisnéise na mBallstát, bídís ginearálta (i.e. 'cad é bhur measúnú ar bhagairtí maidir le hairm ar dhul isteach dóibh i láthair áirithe coinbhleachta armtha') nó ag baint go sonrach leis an Tionscadal iTrace (i.e. 'tá clár eolais uainn a thugann foláireamh láithreach faoi gach arm a tháirgtear ar bhonn intíre agus a ndéanann foirne allamuigh iTrace a dhoiciméadú').

4.3.3. Gníomhaíochtaí tionscadail

Déanfar na gníomhaíochtaí seo a leanas faoi chuimsiú an tionscadail seo:

(a) cuirfear foirne iTrace ar athchuairteanna chuig na húdaráis ábhartha i bpríomhchathracha na mBallstát chun faisnéis a thabhairt faoi shaincheisteanna i gcoinne atreorú agus chun tuairisc a thabhairt ar a n-imscrúduithe;

(b) leanfar de fhoireann a chur ar dheasc chabhrach 24 uair an chloig chun comhairle láithreach a chur ar fáil i gcoinne atreorú nó líomhaintí preasa a d'fhéadfadh a bheith diúltach a eascraíonn as tuairisciú neamhfhíoraithe a dhéanann tríú páirtí;

(c) an córas tuairiscithe domhanda ar armáin 'iTrace" a chothabháil, a dhaingniú agus a fheabhsú, lena n-áirítear nuálaíochtaí teicneolaíochta a fhorbairt.

(d) cothabháil na gclár eolais ar líne d'údaráis um cheadúnú onnmhairithe na mBallstát, a úsáidfear chun sonraí criptithe ó chóras bainistíochta faisnéise iTrace a shruthú, rabhadh a thabhairt faoi pháirtithe a bhfuil sé de nós acu gnáth-airm a atreorú, cinn scríbe ardriosca a phróifíliú, agus atreorú arm a mhonaraítear ar bhonn intíre a thuairisciú i bhfíor-am; agus

(e) tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit maidir le seiceálacha iarsheachadta úsáide deiridh (fíorú) nó é sin a sholáthar dóibh, ar iarraidh a fháil go hoifigiúil ó údaráis um cheadúnú onnmhairithe arm na mBallstát trí fhoirne imscrúdaithe allamuigh iTrace.

Cuirfear an tionscadal i bhfeidhm in imeacht thréimhse iomlán 3 bliana thionscadal iTrace.

4.3.4. Torthaí an tionscadail

Déanfaidh an tionscadal an méid seo a leanas:

(a) tabharfar cúnamh d'údarás na mBallstát um cheadúnú onnmhairithe arm, maidir lena n-iarraidh atreorú iar-onnmhairiúcháin a shainaithint;

(b) soláthrófar faisnéis chun tacú le hanailís riosca ar atreorú arna déanamh ag údaráis na mBallstát um cheadúnú onnmhairithe arm, i gcomhréir le Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle (comhdhlúite) agus leis an gConradh Trádála Arm, sula dtabharfar ceadúnais onnmhairiúcháin;

(c) cuirfear acmhainneacht fíoraithe iar-loingsithe ar fáil d'údaráis na mBallstát um cheadúnú onnmhairithe arm de réir a n-éilimh;

(d) tacófar le lucht déanta beartas rialaithe arm na mBallstát trí fhaisnéis fíor-ama a thabhairt dóibh maidir le treochtaí atreoraithe agus gáinneála chun tacú le rannpháirtíocht náisiúnta i bpróisis beartais idirnáisiúnta; agus

(e) tabharfar cúnamh do ghníomhaireachtaí náisiúnta forfheidhmithe dlí na mBallstát chun tacú le himscrúduithe coiriúla, i gcás inarb infheidhme agus arna iarraidh sin dóibh.

4.3.5. Táscairí cur chun feidhme an tionscadail

Cothabháil na gclár eolais ar líne, trína sruthófar faisnéis ó dheighiltí slána laistigh de chóras iTrace chuig údaráis náisiúnta na mBallstát. Deasc chabhrach, a mbeidh foireann tionscadail iTrace i gceannas uirthi, chun tacaíocht iomlán a thabhairt d'údaráis um rialú onnmhairithe arm na mBallstát agus do lucht ceaptha beartas rialaithe arm. Suas le 45 chuairt chuig príomhchathracha na mBallstát arna iarraidh sin.

Cuirfear an tionscadal i bhfeidhm in imeacht thréimhse iomlán 3 bliana thionscadal iTrace.

4.3.6. Tairbhithe an tionscadail

Gach Ballstát leasmhar, mar aon le cuairteanna ar phríomhchathracha agus misin fíoraithe iarloingsithe a dhéantar arna iarraidh sin.

4.4. *Tionscadal 4: For-rochtain, comhairle beartais, agus comhordú idirnáisiúnta*

4.4.1. Cuspóir an tionscadail

Tríd an tionscadal, déanfar na tairbhí a bhaineann le iTrace a chur i láthair, a úsáid agus a fhorbairt do lucht déanta beartas idirnáisiúnta agus náisiúnta, do shaineolaithe ar rialú gnátharm, agus d'údaráis um cheadúnú onnmhairithe arm. Éireoidh le CAR é sin a bhaint amach trí ghníomhaíochtaí for-rochtana agus comhairleacha beartais a dhéanamh. Ceapfar na tionscnaimh sin chun comhroinnt faisnéise a chomhordú a thuilleadh agus comhpháirtíochtaí inbhuanaithe a chothú le daoine aonair agus le heagraíochtaí atá in ann faisnéis a ghiniúint ar féidir í a uaslódáil sa chóras iTrace.

4.4.2. Tairbhe do thionscnaimh rialaithe arm an Aontais

Feicfear an tacaíocht atá á tabhairt ag an Aontas do Thionscadal iTrace ag go leor comhdhálacha, imeachtaí agus próiseas, agus léireofar an ról atá ag an tionscadal maidir le faisnéis nithiúil a sholáthar chun tacú le tionscnaimh idirnáisiúnta rialaithe arm. Léirigh tionscadail leantacha iTrace (I-IV) go bhfuil ról ríthábhachtach ag rannpháirtíocht idirnáisiúnta for-rochtana agus beartais ó thaobh, ar an gcéad dul síos, an chláir oibre idirnáisiúnta maidir le próisis idirnáisiúnta rialaithe arm a mhúnlú agus, ar an dara dul síos, ó thaobh deiseanna a chruthú le haghaidh comhar le stáit nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad tríd an tionscadal iTrace agus trí thionscnaimh rialaithe arm an Aontais i gcoitinne.

4.4.3. Gníomhaíochtaí tionscadail

Tabharfar faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas, agus an aird chuí á tabhairt ar fhorluí le gnóthais eile, mar shampla maidir le for-rochtain an Chonartha Trádála Arm, a dhéanfar faoi chuimsiú an tionscadail seo:

(a) Coinneofar rannpháirtíocht taidhleoireachta chuimsitheach CAR chun iTrace agus torthaí an tionscadail a chur i láthair, a úsáid agus chun forbairt a dhéanamh orthu, agus cuirfear béim, ar an gcéad dul síos, ar na tairbhí nithiúla a bhaineann leis chun cuidiú le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm, an Chláir Gníomhaíochta maidir le mionairm agus armáin éadroma, na Ionstraime Idirnáisiúnta Rianaithe, agus na réimis ábhartha smachtbhannaí iltaobhacha agus réigiúnacha, agus ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha eile; ar an dara dul síos, ar an úsáid is féidir a bhaint as chun réimsí tosaíochta a shainaithint le haghaidh cúnamh agus comhar idirnáisiúnta; agus ar an tríú dul síos, ar an úsáid is féidir a bhaint as mar shásra próifílithe measúnaithe riosca le haghaidh na n-údarás um cheadúnú onnmhairithe arm agus geallsealbhóirí eile;

(b) trí rannpháirtíocht fhoireann an tionscadail iTrace, spreagfar agus forbrófar comhaontuithe foirmiúla comhroinnte faisnéise a bheidh in ann faisnéis a ghiniúint ar féidir í a uaslódáil sa chóras iTrace, chomh maith le cuidiú le lucht déanta beartas agus réimsí tosaíochta á sainaithint acu le haghaidh idirphlé, cúnamh idirnáisiúnta, agus comhar chun beartas agus cleachtas a fheabhsú.

Cuirfear an tionscadal i bhfeidhm in imeacht thréimhse iomlán 3 bliana thionscadal iTrace.

4.4.4. Torthaí an tionscadail

Déanfaidh an tionscadal an méid seo a leanas:

(a) léireofar úsáideacht agus tionchar iTrace agus an coincheap maidir le sonraí a dhoiciméadú, a thiomsú agus a chomhroinnt, ar sonraí iad a bhaineann le hatreorú chuig lucht déanta beartas náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ag obair chun comhaontuithe maidir le rialú gnátharm agus rialú ar onnmhairiú arm (an Conradh Trádála Arm, an Clár Gníomhaíochta maidir le mionairm agus armáin éadroma, agus ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha eile) a chur chun feidhme agus chun tacú lena gcur chun feidhme;

(b) cuirfear faisnéis ábhartha ar fáil chun cabhrú le lucht déanta beartas agus le saineolaithe rialaithe gnáth-arm réimsí tosaíochta a shainaithint le haghaidh cúnamh agus comhar idirnáisiúnta agus straitéisí éifeachtacha i gcoinne atreorú a cheapadh;

(c) cuirfear grinnfhaisnéis maidir le iTrace agus leis an úsáid ar féidir í a bhaint as le haghaidh measúnú riosca ar fáil do na húdaráis um cheadúnú onnmhairithe arm, chomh maith le bealach a chur ar fáil chun breis aiseolais a chur ar fáil agus chun feabhas a chur ar an gcóras;

(d) éascófar comhroinnt na faisnéise idir rialtais náisiúnta agus oibríochtaí síochánaíochta na Náisiún Aontaithe agus oibríochtaí faireacháin smachtbhannaí, lena n-áirítear próiseáil agus anailís sonraí agus úsáid á baint as an gcóras iTrace;

(e) éascófar idirphlé agus líonrú i measc grúpa saineolaithe rialaithe gnáth-arm, grúpa atá ag éirí níos mó, a bhfuil baint acu le himscrúduithe *in situ* a dhéanamh ar atreorú agus ar ghháinneáil gnáth-arm mar aon lena n-armlón;

(f) ardófar próifíl phoiblí an rianaithe ar ghnáth-airm mar aon lena n-armlón mar bhealach chun cuidiú le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm, an Chláir Gníomhaíochta maidir le mionairm agus armáin éadroma, na Ionstraime Idirnáisiúnta Rianaithe agus na n-ionstraimí idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile maidir le rialú arm agus rialú ar onnmhairiú arm.

4.4.5. Táscairí cur chun feidhme an tionscadail

Cuirfear suas le 30 gníomhaíocht for-rochtana agus bheartais chomhairleacha ar bun agus na gníomhaíochtaí sin a bheidh á stiúradh ag foireann iTrace, nó a mbeidh an fhoireann páirteach iontu. Mar chuid den rannpháirtíocht cuirfear aschuir iTrace i láthair. Áireofar gníomhaíochtaí for-rochtana agus comhairleacha beartais sna haschuir insinte ráithiúla.

Cuirfear an tionscadal i bhfeidhm in imeacht thréimhse iomlán 3 bliana thionscadal iTrace.

4.4.6. Tairbhithe an tionscadail

Féach Roinn 4.2.6 thuas le haghaidh liosta iomlán na dtairbhithe, arb ionann iad agus tairbhithe an tionscadail seo.

4.5. *Tionscadal 5: aschuir thaighde iTrace*

4.5.1. Cuspóir an tionscadail

Soláthróidh an tionscadal príomh-aschuir chun beartais agus cleachtais a fheabhsú, bunaithe ar na sonraí a ghintear le himscrúduithe agus a chuirtear i láthair ar an gcóras iTrace. Ceapfar na haschuir chun aird a tharraingt ar réimsí sonracha arb ábhar imní idirnáisiúnta iad, lena n-áirítear príomhphatrúin gáinneála gnátharm agus armlóin, dáileadh réigiúnach na ngnátharm arna ngáinneáil agus an armlóin a ghabhann leo, agus réimsí tosaíochta is ceart aird idirnáisiúnta a dhíriú orthu.

4.5.2 Tairbhe do thionscnaimh rialaithe arm an Aontais

Le haschuir bheartais iTrace, dírítear aird idirnáisiúnta ar chuimsitheacht thionscnaimh rialaithe arm an Aontais agus ar na gealltanais a thug na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar atreorú na ngnáth-arm mar aon lena n-armlón. Ó 2013 i leith, rinneadh tuairisciú príomhscéalta ar na haschuir sin in go leor de na heagraíochtaí móra nuachta ar fud an domhain, rud a spreag rialtais, parlaiminteoirí agus an tsochaí shibhialta dul i mbun gnímh go náisiúnta. Ós rud é nach seachnaítear in aschuir iTrace gnáth-airm aindleathacha a aithint ar de thionscnamh an Aontais iad, léirítear an dearcadh forásach atá ag na Ballstáit i leith rialú arm. D'fhéadfaí a rá go spreagann sé sin trédhearcacht agus méadú ar bhallraíocht sna conarthaí agus sna córais iltaobhacha maidir le dí-armáil iltaobhach, neamhleathadh, agus rialú arm mar aon le huiliú na gconarthaí agus na gcóras sin, nithe a éilítear i Straitéis Dhomhanda an Aontais, 2016, i.e. an prionsabal 'dea-shampla an lucht ceannais', a mhéadú.

4.5.3. Gníomhaíochtaí tionscadail

Grinnanailís as a dtiocfaidh tiomsú, athbhreithniú, eagarthóireacht agus foilsiú, lena n-áirítear cruachóipeanna a phriontáil, nuair is gá, agus dáileadh suas le 20 aschur beartais de chuid iTrace.

4.5.4. Torthaí an tionscadail

Déanfaidh an tionscadal an méid seo a leanas:

(a) suas le 20 aschur a ullmhú, agus próifíliú ar shaincheist ar leith is ábhar imní idirnáisiúnta i ngach ceann acu;

(b) a áirithiú go ndáilfear aschuir bheartais iTrace ar na Ballstáit uile;

(c) straitéis for-rochtana spriocdhírithe a choinneáil chun an tuairisciú domhanda is forleithne is féidir a áirithiú;

(d) infheictheacht na gníomhaíochta a choinneáil sa mhór-réimse beartais agus sna meáin nuachta idirnáisiúnta trí, *inter alia*, faisnéis a chur i láthair ar ábhar imní faoi láthair í maidir le gnáth-airm aindleathacha; anailís bheartas-ábhartha agus comhairle a sholáthar chun tacú le próisis leanúnacha rialaithe arm; agus aschuir a chur in oiriúint chun an aird is mó is féidir a tharraingt orthu sna meáin nuachta idirnáisiúnta.

4.5.5. Táscairí cur chun feidhme an tionscadail

Suas le 20 aschur beartais de chuid iTrace agus iad ar fáil ar líne go poiblí, arna n-ullmhú le linn thréimhse na gníomhaíochta beartaithe.

Cuirfear an tionscadal i bhfeidhm in imeacht thréimhse iomlán 3 bliana thionscadal iTrace.

4.5.6. Tairbhithe an tionscadail

Féach Roinn 4.2.6 thuas le haghaidh liosta iomlán na dtairbhithe, arb ionann iad agus tairbhithe an tionscadail seo.

4.6. *Tionscadal 6: Rianú gnátharm agus armlóin agus imscrúduithe feabhsaithe*

4.6.1. Cuspóir an tionscadail

Leanfaidh an tionscadal d'iarrataí foirmiúla ar rianú a sheoladh chuig rialtais náisiúnta, maidir le gnáth-airm aindleathacha mar aon lena n-armlón; soláthrófar sna freagraí ar na hiarrataí sin faisnéis chuimsitheach maidir leis na slabhraí soláthair agus sainaithneofar an suíomh agus na himthosca inar atreoraíodh iad chuig úsáideoirí neamhúdaraithe. Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh amach cé na bealaí lena n-atreoraítear gnáth-airm mar aon lena n-armlón, ar bhonn cás ar chás agus tacaíocht á fáil ó na stáit onnmhairithe, go háirithe na húdaráis rialaithe onnmhairithe gnáth-arm sna Ballstáit. Is é a leanann as rianuithe a dhéanamh go dtagann faisnéis mhionsonraithe maidir le líonraí soláthair arm aindleathacha, go sainaithnítear cásanna athaistrithe neamhúdaraithe is sáruithe ar chomhaontuithe úsáideoirí deiridh, go n-aimsítear sáruithe ar thrádbhac arm de chuid na Náisiún Aontaithe agus an Aontais, agus go dtugtar foláirimh do stáit maidir le hatreorú iar-onnmhairiúcháin. Thar aon ní eile, ós rud é go gcuireann na rialtais náisiúnta féin faisnéis faoi rianuithe ar fáil, is é an próiseas um rianú is bonn do cheapadh beartais maidir le rialú arm.

4.6.2 Tairbhe do thionscnaimh rialaithe arm an Aontais

Le hiarrataí ar rianú, cuirtear ar chumas don tionscadal iTrace ionchur a chur ar fáil chun tacú le hidirghabhálacha éagsúla forfheidhmithe dlí arna ndéanamh ag roinnt Ballstát (agus stáit nach Ballstáit iad), lena n-áirítear ionchúiseamh agus daoradh daoine aonair a bhíonn ag gabháil do gháinneáil ar ghnáth-airm, mar aon lena n-armlón, agus ábhar gaolmhar.

Tugann iarrataí ar rianú foláirimh do na Ballstáit freisin maidir le cásanna atreoraithe iar-onnmhairiúcháin, agus cuireann siad faisnéis ríthábhachtach ar fáil chun tacú le measúnuithe éifeachtacha riosca maidir le ceadúnú onnmhairithe arm. Dá réir sin, is rannchuidiú díreach a dhéanann iTrace agus faisnéis á chur ar fáil aige chun cabhrú leis na Ballstáit Critéar 7 de Chomhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle (comhdhlúite) agus Airteagal 11 de CTA a chur chun feidhme. Ina theannta sin, leis an bhfaisnéis a fhaightear tríd an bpróiseas um rianú, sainaithnítear úsáideoirí deiridh neamhúdaraithe, atreoruithe gnáth-arm, páirtithe neamhdhleathacha sa slabhra soláthair, agus airgeadaithe aindleathacha, rud a chuireann ar fáil do na Ballstáit sonraí ríthábhachtacha le haghaidh riosca-phróifíliú onnmhairiúcháin.

4.6.3. Gníomhaíochtaí tionscadail

Gheofar sruth leanúnach d'iarrataí ar rianú, agus déanfar an chumarsáid ghaolmhar mar aon le himscrúduithe leantacha, le linn thréimhse an tionscadail. Déanfaidh CAR taighde agus forbairt ar theicneolaíochtaí nua le haghaidh inrianaitheacht fheabhsaithe chun tacú leis na gníomhaíochtaí sin.

4.6.4. Torthaí an tionscadail

Déanfaidh an tionscadal an méid seo a leanas:

(a) gnáth-airm aindleathacha, mar aon lena n-armlón, ar a dtagtar i limistéir ina bhfuil coinbhleacht, a rianú ar an ráta is fearr riamh. Leis na mionchoigeartuithe a rinneadh ar ghnáthnósanna imeachta oibríochta CAR (SOPanna) le linn iTrace III, tar éis dul i gcomhairle go forleathan leis na Ballstáit, áiritheofar go ndéanfaidh na rialtais náisiúnta athbhreithniú ar an bhfaisnéis a bhailíonn an tAonad um Rianú de chuid CAR sula scaoilfear an fhaisnéis sin, agus cuirfear leis an stór is mó ar domhan d'airm choinbhleachta rianaithe;

(b) Tógfaidh an tAonad um Imscrúdú Feabhsaithe de chuid CAR faisnéis arna bailiú ó rianuithe ar ghnáth-airm aindleathacha, mar aon lena n-armlón, agus leis an bhfaisnéis sin bunófar, a mhéid is féidir freagraí na gceisteanna maidir le hatreorú 'cé, cén fáth, cad, cá huair agus conas', agus mapálfar an slabhra soláthair, dírithe ar thrí cholún imscrúdaithe: líonraí daoine, maoiniú na n-arm aindleathach, agus an lóistíocht soláthair. Is féidir an tAonad um Imscrúdú Feabhsaithe a imscaradh ar fud an domhain agus oibreoidh sé chun teistiméireachtaí neamhphoiblí, faisnéis airgeadais, agus doiciméid laistigh agus lasmuigh de limistéir choinbhleachta a fháil; agus

(c) i ndeireadh na dála, cuirfidh CAR raon nua roghanna ar fáil do lucht déanta beartas chun aghaidh a thabhairt ar aistrithe aindleathacha gnáth-arm, mar aon lena n-armlón agus ar na líonraí airgeadais agus lóistíochta a thacaíonn leo - bearta breise ar nós trádbhaic arm agus rialuithe díreacha ar onnmhairiú, le roghanna maidir le líonraí a bhriseadh, ó dhícheall cuí i gcúrsaí baincéireachta, go cigireachtaí spriocdhírithe ar choimeádáin, agus rabhaidh maidir le hidirghabhálaithe trádála.

4.6.5. Táscairí cur chun feidhme an tionscadail

Déanfar líon agus rath na n-iarrataí ar rianú a chlárú agus a mheasúnú ar bhonn rollach le linn thréimhse na gníomhaíochta.

Cuirfear an tionscadal i bhfeidhm in imeacht thréimhse iomlán 3 bliana thionscadal iTrace.

4.6.6. Tairbhithe an tionscadail

Féach Roinn 4.2.6 thuas le haghaidh liosta iomlán na dtairbhithe, arb ionann iad agus tairbhithe an tionscadail seo.

## 5. **Suíomh**

Le haghaidh tionscadail 1, 2 agus 6, ní mór saineolaithe gnáth-arm a imscaradh go forleathan ar an láthair i réigiúin atá buailte ag coinbhleachtaí. Déanfar na himscarthaí sin a mheasúnú de réir an cháis, agus tagairt á déanamh do shlándáil, rochtain agus infhaighteacht faisnéise. Tá teagmhálacha nó tionscadail leanúnacha curtha ar bun ag CAR cheana féin i gcuid mhaith de na tíortha lena mbaineann. Déanfar Tionscadal 3 i bpríomhchathracha na mBallstát (agus déanfar taisteal intíre eile faoi réir riachtanais na mBallstát). Seolfar Tionscadal 4 ag comhdhálacha idirnáisiúnta, agus ar fud an domhain i gcomhar le rialtais náisiúnta agus eagraíochtaí ábhartha, chun ard-infheictheacht an tionscadail sin a áirithiú. Tiomsófar Tionscadal 5 sa Bheilg, san Iodáil, sa Fhrainc agus sa Ríocht Aontaithe.

## 6. **Fad**

Is é 36 mhí fad iomlán mheasta chur chun feidhme na dtionscadal sin le chéile.

## 7. **Eintiteas cur chun feidhme agus infheictheacht san Aontas**

Neadaíonn CAR foirne beaga imscrúdaithe allamuigh i bhfórsaí cosanta agus slándála áitiúla, i measc pearsanra síochánaíochta/ pearsanra tacaíochta síochána, agus i measc gníomhaithe eile a bhfuil sainorduithe slándála acu. Nuair a fhaigheann na fórsaí/misin sin airm aindleathacha nó suíomhanna bailithe fianaise, aisghabhann foirne CAR an fhianaise go léir atá ar fáil maidir leis na hairm sin agus maidir leis na grúpaí a d'úsáid iad. Ina dhiaidh sin rianaíonn CAR gach earra uathúil atá inaitheanta agus déanann sé imscrúduithe fadréimseacha ar a n-aistrithe aindleathacha, ar na slabhraí soláthair, agus ar an tacaíocht a tugadh leo do pháirtithe a chuireann an tsíocháin agus an chobhsaíocht i mbaol.

Agus í ag obair le húdaráis náisiúnta um cheadúnú onnmhairithe agus eintitis neamhrialtasacha, athchruthaíonn CAR na slabhraí soláthair trínar tugadh na hairm isteach i gcoinbhleachtaí armtha, agus sainaithníonn sé gníomhaíochtaí aindleathacha agus atreoruithe arm ó mhargaí dleathacha go margaí aindleathacha. Taifeadann CAR an fhaisnéis a bailíodh maidir sa chóras domhanda faireacháin arm iTrace, ina bhfuil níos mó ná 650 000 arm coinbhleachta, armlón, agus ábhar gaolmhar, an stór sonraí arm coinbhleachta is mó ar domhan.

Úsáideann CAR an fhaisnéis sin chun a) foláireamh a thabhairt do na Ballstáit maidir le hatreorú gnáth-arm, mar aon lena n-armlón, agus, b) tionscnaimh spriocdhírithe i gcoinne atreorú a chumasú, lena n-áirítear bearta rialaithe onnmhairithe arna n-athbhreithniú agus gníomhaíocht taidhleoireachta idirnáisiúnta.

Tá sé cruthaithe go n-aimsítear atreorú leis an modheolaíocht sin beagnach láithreach, mar tharla sé go raibh foirne allamuigh de chuid CAR in ann na Ballstáit a chur ar an eolas maidir le hairm atreoraithe agus na foirne sin fós á n-imscaradh i limistéir atá buailte ag coinbhleacht. I gcásanna áirithe, tá ath-aistrithe neamhúdaraithe aimsithe ag foirne de chuid CAR laistigh de 2 mhí ó d'fhág na hairm sin an monarcha.

Le Cinneadh (CBES) 2019/2191, tacaíodh le CAR leanúint ar aghaidh agus cur leis an tionscadal iTrace arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2013/698 an 25 Samhain 2013 agus arna athnuachan le Cinntí (CBES) 2015/1908 agus (CBES) 2017/2283. A bhuí leis na tionscadail iTrace ar a dtugtar iTrace I, II agus III, faoi seach, aithnítear ar fud an domhain gur tionscnamh suntasach faireacháin arm coinbhleachta é iTrace a thug tacaíocht dhíreach d'údaráis um cheadúnú onnmhairithe an Aontais agus do lucht déanta beartas rialaithe arm.

Ina theannta sin, an 2 Nollaig 2015, i bplean gníomhaíochta an Aontais chun gáinneáil aindleathach ar airm thine agus pléascáin a chomhrac agus chun a n-úsáid sin a chosc, iarradh 'síneadh a chur le húsáid iTrace' agus moladh go gcuirfeadh aon údarás náisiúnta fhorfheidhmithe an dlí a bhraith atreorú arm agus armlóin na taifid in iTrace i gcomparáid lena dtaifid féin. In 2019, thug CAR meabhrán tuisceana i gcrích le Europol chun cabhrú leis na gníomhaíochtaí sin. Thairis sin, chuir CAR sonraí iTrace ar fáil do chóras iARMS de chuid INTERPOL agus chabhraigh sé le INTERPOL airm arna n-uaslódáil ag na Ballstáit chuig iARMS a shainaithint.

Déanfaidh CAR gach beart iomchuí lena phoibliú gurb é an tAontas a chistigh an ghníomhaíocht seo. Déanfar na bearta sin i gcomhréir leis an Teachtaireacht agus leis an Lámhleabhar Infheictheachta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha an Aontais Eorpaigh arna leagan síos agus arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Eorpach.

Ar an gcaoi sin, áiritheoidh CAR infheictheacht rannchuidiú an Aontais le brandáil agus le poiblíocht iomchuí, agus béim á leagan ar ról an Aontais, trédhearcacht a ghníomhaíochtaí á háirithiú, agus feasacht á múscailt ar na cúiseanna leis an gCinneadh seo maille le feasacht ar thacaíocht an Aontais don Chinneadh seo agus ar thorthaí na tacaíochta sin. Beidh bratach an Aontais le feiceáil go soiléir ar ábhar a tháirgeann an tionscadal i gcomhréir le treoirlínte an Aontais maidir leis an mbratach a úsáid agus a atáirgeadh go cruinn.

## 8. **Modheolaíocht agus coimircí do chomhpháirtithe rialtais náisiúnta**

Coinneoidh gníomhaíocht iTrace cothromaíocht ó thaobh na polaitíochta de sa tuairisciú a dhéanann sé. I gcomhréir le prionsabail lárnacha CAR arb iad an neamhspleáchas agus an hoibiachtúlacht, tuairisceoidh an ghníomhaíocht maidir le gnáth-airm aindleathacha, mar aon lena n-armlón, a ndoiciméadaíonn foirne imscrúdaithe allamuigh CAR i stáit ina bhfuil coinbhleacht, gan dochar dá gcineál ná dá mbunáitíocht agus gan beann ar chleamhnacht an pháirtí a bhfuil na hairm sin aige. Aithníonn CAR go bhféadfadh sé tarlú, agus faisnéis á nochtadh ag Ballstáit ar mhaithe leis an trédhearcacht, gur mó a nochtfaí a gcuid onnmhairithe féin do ghrinnscrúdú poiblí. Dá bhrí sin, déanfaidh CAR an méid is mó is féidir:

(a) aitheantas a thabhairt, ina thuairisciú poiblí, do na Ballstáit a chuireann faisnéis ar fáil do ghníomhaíocht iTrace ar mhaithe le trédhearcacht phoiblí; agus

(b) a áirithiú go ndéantar sa tuairisciú poiblí a dhéanann iTrace idirdhealú soiléir maidir leis na Ballstáit thuasluaite agus stáit nach nochtann faisnéis go seasta chun tacú le himscrúduithe iTrace.

### 8.1 Soiléireacht oibríochtúil

Iarrfaidh CAR go dtabharfaidh COARM formheas roimh ré sula mbeidh rannpháirtíocht shubstaintiúil leis na tíortha uile nach raibh faoi réir imscrúduithe allamuigh ná cláir oiliúna agus meantóireachta arna ndéanamh ag iTrace roimhe sin. Maidir le haon iarraidh den sórt sin, tabharfar cuntas ar na nithe a ndíreofar orthu go príomha sna himscrúduithe a dhéanfaidh CAR agus ar an modheolaíocht atá beartaithe don tír ionchasach. Tráth a glacadh an Cinneadh seo ón gComhairle, bhí cláir de chuid iTrace i bhfeidhm roimhe sin sna tíortha seo a leanas: An Afganastáin; Bairéin; Beinin; Buircíne Fasó; Camarún; Poblacht na hAfraice Láir; Sead; Poblacht Dhaonlathach an Chongó; An Cósta Eabhair; An Éigipt; An Aetóip; An Ghaimbia; Gána; an India; an Iaráic; Iosrael; an Iordáin; an Chéinia; an Liobáin; an Libia; Mailí; An Mháratáin; Meicsiceo; Mósaimbíc; Maenmar; Neipeal; an Nígir; an Nigéir; na hOileáin Fhilipíneacha; an Araib Shádach; an tSeineagáil; an tSomáil; an tSomáil; an tSúdáin Theas; an tSúdáin; an tSiria; Tóga, an Túinéis; an Tuirc; Uganda; an Úcráin; Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha; agus Éimin.

### 8.2. Maolú ar chlaontacht

Aithníonn CAR go bhféadfadh sé nárbh ionann leibhéal an nochta phoiblí a ghnóthódh na Ballstáit éagsúla mar thoradh ar leibhéal na mionsonraí a chuir rialtais náisiúnta na mBallstát sin ar fáil mar fhreagairt ar iarrataí ar rianú, is é sin Ballstáit nár thug freagairt ar bith, go dtí na Ballstáit a rinne nochtadh iomlán agus a sholáthraigh doiciméad aistrithe. Gabhann CAR air féin aon chlaontacht intuigthe a mhaolú, claontacht a d'fhéadfaí a thabhairt isteach i dtuairisciú iTrace mar gheall ar na leibhéil neamhionann siúd, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) Réamhrá sainráite a chur, i dtéacs, le gach cás arna dtuairisciú ag gníomhaíocht iTrace inar thug na Ballstáit freagra trédhearcach ar iarrataí ar rianú ar bhealach a dhearbhaíonn go soiléir dlíthiúlacht na n-aistrithe atá faoi réir na n-iarrataí sin;

(b) Réamhrá sainráite a chur, i dtéacs, le gach cás arna dtuairisciú ag gníomhaíocht iTrace, ar cásanna iad nár thug stáit freagra ar iarrataí ar rianú, ina luaitear an méid a leanas: 'ní féidir le CAR a thuairim a thabhairt maidir le dlíthiúlacht an aistrithe i dtrácht i bhfianaise freagra ar iarraidh ar rianú a bheith in easnamh' (ní bheidh feidhm aige sin maidir le cásanna inar chuir na Ballstáit, mar fhreagra ar iarrataí sonracha ar rianú, cúiseanna ar fáil lena gcuirtear cosc orthu freagra láithreach nó freagra iomlán a thabhairt); agus

(c) Tuarascáil sceidealaithe a chur ar fáil do SEGS maidir le gach cás, i gcás nach bhfaighidh CAR admháil ó stáit go bhfuair siad iarraidh ar rianú laistigh de 28 lá tar éis dóibh an iarraidh sin a fháil. Cláróidh CAR gach admháil fála a fhaigheann sé i bhfoirm litreach, facsanna, ríomhphost nó glaonna teileafóin.

### 8.3. An próiseas um rianú

Tugann na Ballstáit agus eintitis neamhrialtasacha freagra, go hiomlán faoina rogha féin, ar iarrataí ar rianú arna n-eisiúint ag CAR faoi chuimsiú an tionscadail iTrace, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta maidir le rialuithe onnmhairiúcháin agus rúndacht sonraí.

Ar dtús, cuireann CAR iarrataí ar rianú le haghaidh earraí atá faoi rialú onnmhairiúcháin go leictreonach chuig an mbuanionadaíocht rialtais chuig na Náisiúin Aontaithe i Nua-Eabhrac, cé go spreagann sé sin na rialtais náisiúnta, ar chúiseanna riaracháin, pointe teagmhála a shannadh ina bpríomhchathair féin le go mbeifí in ann teagmháil a dhéanamh amach anseo le gníomhaíocht iTrace. I gcás ítimí nach bhfuil faoi rialú, seolann CAR iarrataí ar rianú go leictreonach chuig eintitis mhonaraíochta nó onnmhairiúcháin.

Leanann an próiseas um rianú nós imeachta oibriúcháin caighdeánach inmheánach CAR 02.02 agus cuimsítear leis na céimeanna seo a leanas:

(a) Ar shonraí a ghabháil dóibh, déanann foirne imscrúdaithe allamuigh a bhfuil sé de cheanglas orthu gnáth-airm agus a n-armlón a rianú, na hairm sin a mharcáil lena rianú i gCóras Tuairiscithe Domhanda ar Armáin iTrace;

(b) Déanann an tAonad um Rianú de chuid CAR athbhreithniú ar na sonraí eile go léir a bhailítear ar an láthair agus, i gcomhar le hAonad Anailísíochta CAR, seolann sé aon iarraidh bhreise ar rianú a mheasann sé a bheith ábhartha;

(c) I gcás ítimí a roghnaíodh lena rianú, déanann an córas: i) uimhir iarrata ar rianú a shannadh go huathoibríoch do gach ítim; ii) iarrataí ar rianú d'earra amháin nó níos mó a chomhthiomsú, ar earraí iad a thagann ón aon tír amháin, in aon chumarsáid amháin maidir le rianú; agus iii) uimhir chomhfhreagrais a shannadh do gach cumarsáid maidir le rianú;

(d) Nuair a sheoltar iarraidh ar rianú, cuirtear tús le tréimhse feithimh 28 lá, agus nósanna imeachta náisiúnta á gcur san áireamh, mar shampla sna Ballstáit. Le linn na tréimhse feithimh, ní fhéadfar an earra a fhoilsiú ná tagairt a dhéanamh dó in aon cheann de na haschuir ó CAR;

(e) Más rud é, ag deireadh na tréimhse 28 lá, nach bhfuil freagra ar rianú faighte ag an Aonad um Rianú, féadfaidh sé meabhrúchán a eisiúint (le ríomhphost nó le glao teileafóin agus coinneofar nótaí faoi gach cumarsáid). Ní chuirfear tús, leis an meabhrúchán sin, le tréimhse 28 lá eile;

(f) Nuair a fhaigheann an tAonad um Rianú freagra ar iarraidh ar rianú, tugann sé fógra do gach ball foirne ábhartha. Pléann na baill foirne ábhartha an freagra leis an Aonad um Rianú agus déanann siad cinneadh maidir le cur chuige (i.e. an ndearna an páirtí is freagróir na ceisteanna ó CAR a fhreagairt? An gá do CAR obair leantach a dhéanamh nó soiléiriú a iarraidh? An féidir le CAR ceart freagartha a eisiúint?);

(g) A luaithe a bheidh na soiléirithe ar fad faighte, déanann an tAonad um Rianú fógra faoi cheart freagartha a chomhthiomsú. Is achoimre bheacht í seo ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil mar fhreagairt ar iarraidh CAR agus áirítear léi foláirimh mar gheall ar fhaisnéis a bheith ar iarraidh nó neamhchonclúideach. Tá an téacs deartha chun go gcuirfear a mhacasamhail, focal ar fhocal, in iTrace agus in aschuir eile de chuid CAR agus ní mór gur cuntas iomlán a bheidh ann ar an bhfaisnéis a chuir an freagróir ar fáil don iarraidh ar rianú. Cuireann an tAonad um Rianú an dréacht-téacs ar aghaidh chuig an bhfoireann atá freagrach as an rianú a iarraidh chun go ndéanfar athbhreithniú air. Nuair a ghlactar leis an téacs, cuireann an fhoireann fógra i scríbhinn chuig an Aonad um Rianú agus seolann an tAonad um Rianú an ceart freagartha;

(h) Má sheoltar ceart freagartha, cuirtear tús le tréimhse feithimh 28 lá eile, agus le linn na tréimhse sin iarrfaidh CAR ar an bpáirtí is freagróir a mholadh go gcuirfí leis an téacs maidir leis an gceart freagartha nó go ndéanfar leasuithe air;

(i) Má mholann an páirtí is freagróir leasuithe ar an téacs maidir leis an gceart freagartha, leasóidh CAR an téacs agus eiseoidh sé an ceart freagartha an athuair. Gach uair a eisíonn an tAonad um Rianú ceart freagartha an athuair, cuirtear tús le tréimhse feithimh 28 lá eile. Féadfar an próiseas sin a dhéanamh arís go dtí go measann CAR go bhfuil malartú tuairimí cuiditheach tugtha i gcrích. Níl sé de cheangal ar CAR glacadh *ad infinitum* le leasuithe ar an téacs maidir leis an gceart freagartha;

(j) Tagann an próiseas 'ceart freagartha' chun deiridh nuair a thugann an rialtas nó an t-eintiteas lena mbaineann fógra do CAR go bhfuil an téacs inghlactha, nó nuair a mheasann CAR go bhfuil na modhnuithe breise a mhol an rialtas nó an t-eintiteas lena mbaineann neamhbhailí nó iomarcach. Má chuireann an rialtas a easaontas in iúl do CAR, agus má mheasann CAR go bhfuil na pointí a ardaítear neamhbhailí nó iomarcach, ní mór do CAR tagairt a dhéanamh do na hagóidí sa téacs maidir leis an gceart freagartha;

(k) I gcásanna ina bhfuil an próiseas 'cearta freagartha' ar siúl agus go bhfuiltear ar tí foilsiú, coicís sula gcuirtear an 'téacs faoi ghlas', cuirfidh CAR in iúl don pháirtí is freagróir nach gcuirfear tuilleadh leasuithe isteach san fhoilseachán ábhartha tar éis an dáta a chuirfear an téacs faoi ghlas;

(l) Nuair a bheidh gach leasú agus gach ábhar breise curtha isteach sa téacs maidir leis an gceart freagartha ag an Aonad um Rianú, cuirfidh sé an dréacht-téacs ar aghaidh chuig an bhfoireann a bhí freagrach as an rianú a iarraidh chun go ndéanfar athbhreithniú air. Nuair a ghlacfar leis an téacs, tugann foireann CAR fógra i scríbhinn don Aonad um Rianú. Tar éis é a fhormheas, cuirtear an téacs maidir leis an gceart freagartha 'faoi ghlas' agus ní féidir tuilleadh athruithe a dhéanamh ar an téacs maidir leis an gceart freagartha. Ón tráth sin, ní mór an téacs seo a mhacasamhlú focal ar fhocal in aon aschur poiblí nó neamhphoiblí ina ndéantar tagairt don chás. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go dtiocfaidh an tAonad um Rianú agus na foirne ábhartha ar chomhaontú maidir le téacs focal ar fhocal ina iomláine sula n-eiseoidh siad cearta freagartha; agus

(m) Má dhéanann rialtas nó eintiteas, mar fhreagairt ar iarrataí ó CAR, an chéad phointe eile sa slabhra soláthair a shainaithint, eiseoidh CAR iarraidh ar rianú nua chuig an bpáirtí sin, agus tosaíonn an próiseas um rianú an athuair ó phointe (a).

8.4. Fógra roimh ré

Cuireann CAR fógra roimh ré chuig gach páirtí a ndéantar tagairt shubstainteach dóibh i bhfoilseacháin iTrace. Is i bhfoirm cumarsáid fhoirmiúil a bhíonn an chumarsáid fhoirmiúil sin. Is é údar an fhoilseacháin atá ar na bacáin a ullmhaíonn agus a sheolann chuig an Aonad um Rianú í. Déantar cur síos sa réamhfhógra ar an gcaoi a ndéanfar tagairt sa tuarascáil don chaidreamh idir an rialtas nó an t-eintiteas eile a luaitear agus an cás lena mbaineann agus tá sé ceaptha chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go bhfuil dícheall cuí déanta ag CAR maidir le haon líomhaintí nó tagairt a rinneadh d'eintitis ina aschuir; agus

(b) go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear i láthair in aschuir CAR cruinn agus cothrom.

A luaithe a sheolfar an réamhfhógra, cuirfear tús le tréimhse feithimh 14 lá agus le linn na tréimhse sin iarrann CAR ar na faighteoirí cruinneas na faisnéise a chuirtear ar fáil a sheiceáil agus aon agóid a dhéanamh. Ní fhéadfar an earra a fhoilsiú ná tagairt a dhéanamh dó in aon cheann de na haschuir ó CAR le linn na tréimhse feithimh 14 lá sin.

## 9. **Tuairisciú**

Ullmhóidh CAR aschuir insinte ar bhonn ráithiúil. Áireofar iontu sin, *inter alia*, faisnéis mhionsonraithe faoi na gníomhaíochtaí a rinneadh i rith na tréimhse tuairiscithe, tionscadal ar thionscadal, lena n-áirítear dátaí agus institiúidí náisiúnta. Cumhdófar freisin sa tuairisciú líon na gcomhairliúchán a arna ndéanamh ag iTRACE leis na Ballstáit.

Beidh raon feidhme geografach na ngníomhaíochtaí taighde, méid agus catagóir na dtorthaí, chomh maith lena dtionscnamh ar fáil ar chlár eolas fíor-ama ar líne iTRACE.